# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2024

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Corpoideachas

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Nótaí bunaithe ar an Scéim Mharcála**

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.

Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochuid de cheist; m.sh. d’fhéadfadh trí fhochuid a bheith ag baint le ceist; agus 12 mharc san iomlán curtha i leith na ceiste sin. D’fhéadfadh an scéim mharcála a bheith mar a leanas: 6 + 3 +3. Ciallaíonn sin go mbronntar 6 mharc an ceann i leith an chéad fhreagra cheart agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra ceart ina ndiaidh sin.

Nuair atá 2 mharc ar fáil sa tuairiscín raoin:

- Má thagann an fhianaise go hiomlán leis an gcur síos nó atá cosúil leis an gcur síos ar an raon marcanna, ba chóir an marc is airde a bhronnadh
- Mura dtagann an fhianaise ach ar éigean leis an gcur síos ar an raon marcanna, ba chóir an marc is ísle a bhronnadh

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| Annotation | Use | Marks (if applicable) |
|---|---|---|
| ✓n | Valid information | 1-12 |
| ✓ | Correct information | |
| 0 | Incorrect answer | 0 |
| ✗ | Invalid information | |
| 〰 | Significant part of answer | |
| ⌇ | Page seen by examiner | |

| Roinn A | 80 marc |
|---|---|

Tá 12 cheist sa roinn seo, freagair 10 gceist

**Ceist 1** **(8 marc)**

I gcás do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe, tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhfuil an teicneolaíocht tar éis tionchar a imirt ar chóitseálaithe.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Dhá bhealach luaite maidir leis an gcaoi a ndeachaigh an teicneolaíocht i bhfeidhm ar chóitseálaithe. Ní mór gníomhaíocht choirp a ainmniú | **2 x 4 Mharc** |
| Breac-chuntas soiléir agus cruinn ar an gcaoi a ndeachaigh an teicneolaíocht i bhfeidhm ar chóitseálaithe | **4 Mharc** |
| Breac-chuntas teoranta ar an gcaoi a ndeachaigh an teicneolaíocht i bhfeidhm ar chóitseálaithe | **2 Mharc** |
| m.sh. Cluaisíní lá an chluiche; Aiseolas comhthráthach, Instinn caillte | |

**Ceist 2** **(8 marc)**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh inspreagadh toradh dearfach a bheith aige ar chleachtadh.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Breac-chuntas ar dhá bhealach ar féidir le spreagadh tionchar dearfach a bheith aige ar chleachtadh | **2 x 4 Mharc** |
| Breac-chuntas soiléir agus cruinn ar an gcaoi ar féidir le spreagadh tionchar dearfach a bheith aige ar chleachtadh | **4 Mharc** |
| Breac-chuntas teoranta ar an gcaoi ar féidir le spreagadh tionchar dearfach a bheith aige ar chleachtadh | **2 Mharc** |
| m.sh. Traenáil níos deacra, níos faide a dhéanamh. Coinnigh ort go dtí go bhfaighidh tú i gceart é | |

**Ceist 3** **(8 marc)**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoradh a d'fhéadfadh bheith ag marsantú ar do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Dhá thionchar a bhíonn ag marsantacht ar ghníomhaíocht choirp. Ní mór gníomhaíocht choirp a ainmniú | **2 x 4 Mharc** |
| Breac-chuntas soiléir agus cruinn ar an gcaoi a dtéann marsantacht i bhfeidhm ar ghníomhaíocht choirp | **4 Mharc** |
| Breac-chuntas teoranta ar an gcaoi a dtéann marsantacht i bhfeidhm ar ghníomhaíocht choirp | **2 Mharc** |

**Ceist 4** **(8 marc)**

**(a)** Sainaithin **dhá** chatagóir éagsúla de dhrugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Sainaithníodh dhá chatagóir éagsúla de dhrugaí a chuireann leis an bhfeidhmiú | **2 x 2 Mharc** |
| m.sh. oibreáin anabalacha; hormóin peiptíde, fachtóirí fáis, substaintí gaolmhara, agus míméitic; béite2-agónaithe; modhnóirí hormóin agus meitibileacha; fualbhrostaigh agus mascoibreáin; spreagthaigh; támhshuanaigh; cannaibionóidigh; glúcacortacóidigh; béite-bhlocálaithe; | |

**(b)** Déan cur síos ar an dóigh a bhféadfadh **ceann amháin** de na drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht, a shainaithin tú i **gCeist 4 (a)**, tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Cur síos cruinn agus soiléir ar an gcaoi ar féidir léi dul i bhfeidhm ar fheidhmiú | **4 Mharc** |
| Cur síos cruinn ar bhealach éigin ar an gcaoi ar féidir léi dul i bhfeidhm ar fheidhmiú | **2 Mharc** |

**Ceist 5** **8 Marc**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe shóisialta a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **Dhá** bhuntáiste shóisialta a bhaineann le gníomhaíocht choirp | **2 x 4 Mharc** |
| Breac-chuntas soiléir agus cruinn ar bhuntáistí sóisialta na gníomhaíochta coirp a ndearnadh cur síos uirthi | **4 Mharc** |
| Breac-chuntas teoranta ar bhuntáistí sóisialta na gníomhaíochta coirp a ndearnadh cur síos uirthi | **2 Mharc** |
| Freagra féideartha iarrthóra:<br>Cairde nua a dhéanamh, mothú muintearais | |

**Ceist 6** **(8 marc)**

**(a)** Cuir tic (✓) sa bhosca in aice leis an ráiteas a chuireann síos i gceart ar an téarma **tréimhsiú**.

**(4 Mharc)**

**(i)** Traenáil eatramhach ar feadh 6 mhí atá i gceist ☐

**(ii)** Plean traenála a roinnt ina chéimeanna atá i gceist ✓

**(iii)** Anailís feidhmíochta óna soláthraítear sonraí do chóitseálaithe atá i gceist ☐

**(b)** Déan cur síos ar mhodh traenála corpacmhainne a fhorbraíonn cumhacht.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Cur síos soiléir agus cruinn ar chineál traenála a fhorbraíonn cumhacht mhatánach | **4 Mharc** |
| Cur síos cruinn ar bhealach éigin ar chineál traenála a fhorbraíonn cumhacht mhatánach | **2 Mharc** |
| m.sh. pléiméadracht | |

**Ceist 7** **(8 marc)**

**(a)** I gcás do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe, sainaithin **dhá** laige a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfoireann eile.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithníodh go soiléir dhá laige a d'fhéadfadh a bheith ag foireann freasúra | **2 +2 Mharc** |
| Freagra féideartha iarrthóra:<br><br>Sacar: cosantóir mall, cúl báire beag | |

**(b)** Mol straitéis a d'fhéadfá a úsáid chun **ceann amháin** de na laigí a shainaithin tú i **gCeist 7 (a)** thuas a chur chun tairbhe duit féin.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Moladh straitéis shoiléir agus chruinn a mbainfeá úsáid aisti chun leas a bhaint as ceann amháin dá laigí | **4 Mharc** |
| Moladh straitéis neamhshoiléir a mbainfeá úsáid aisti chun leas a bhaint as ceann amháin dá laigí | **2 Mharc** |

**Ceist 8** **(8 marc)**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shaintréith a bhaineann le gníomhaíocht choirp ainmnithe a fhágann go bhféadfadh sí a bheith mealltach do na meáin nó don lucht féachana.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **Dhá** thréith a d'fhéadfadh í dhéanamh tarraingteach do na meáin nó don lucht féachana. | **2 x 4 Mharc** |
| Tréith shoiléir agus chruinn a d'fhéadfadh í dhéanamh tarraingteach do na meáin nó don lucht féachana. | **4 Mharc** |
| Tréith chruinn ar bhealach éigin a d'fhéadfadh í dhéanamh tarraingteach do na meáin nó don lucht féachana. | **2 Mharc** |
| Freagra féideartha iarrthóra:<br><br>Spleodar, deis chun a n-eiseamláirí a fheiceáil agus iad ag imirt | |

**Ceist 9** **(8 marc)**

**(a)** Liostaigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht phearsanta i do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Liostaíodh **dhá** ghné a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht phearsanta | **2 +2 Mharc** |

**(b)** Déan cur síos ar **cheann amháin** de na tosca atá liostaithe agat i **gCeist 9 (a)**.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos soiléir agus cruinn ar ghné a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht phearsanta | **4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn ar ghné a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht phearsanta | **2 Mharc** |

**Ceist 10** **(8 marc)**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht don ghníomhaí as drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht a úsáid.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **Dhá** impleacht don taibheoir a bhaineann le drugaí a chuireann leis an bhfeidhmiú a úsáid | **2 x 4 Mharc** |
| Impleacht shoiléir agus chruinn don taibheoir a bhaineann le drugaí a chuireann leis an bhfeidhmiú a úsáid | **3-4 Mharc** |
| Impleacht measartha soiléir agus cruinn don taibheoir a bhaineann le drugaí a chuireann leis an bhfeidhmiú a úsáid | **1-2 Mharc** |
| Freagra féideartha iarrthóra:<br>Cosc ar an spórt, cailliúint urraíochta | |

**Ceist 11** **(8 marc)**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thréith a bhaineann le feidhmíocht sciliúil.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| | **2 x 4 mharc** |
| Tréith shoiléir agus chruinn a bhaineann le feidhmíocht sciliúil | **3-4 Mharc** |
| Tréith measartha soiléir agus cruinn a bhaineann le feidhmíocht sciliúil | **1-2 Mharc** |
| Glac leis an méid seo a leanas:<br>-Feasacht chinéistéiseach<br>-Tnúthán<br>-Comhsheasmhacht<br>-Cur i bhfeidhm Teicniúil | |

**Ceist 12** **(8 marc)**

Déan cur síos ar an dóigh a gcuireann imeachtaí oll-rannpháirtíochta deiseanna ar fáil don ghnó.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos sármhaith ar an gcaoi a gcuireann imeachtaí oll-rannpháirtíochta deiseanna ar fáil don ghnó agus don fhiontraíocht | **8 Marc** |
| Cur síos an-mhaith ar an gcaoi a gcuireann imeachtaí oll-rannpháirtíochta deiseanna ar fáil don ghnó agus don fhiontraíocht | **6 mharc** |
| Cur síos maith ar an gcaoi a gcuireann imeachtaí oll-rannpháirtíochta deiseanna ar fáil don ghnó agus don fhiontraíocht | **4 mharc** |
| Cur síos réasúnta ar an gcaoi a gcuireann imeachtaí oll-rannpháirtíochta deiseanna ar fáil don ghnó agus don fhiontraíocht | **2 Mharc** |

| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
|---|---|---|

**Ceist 13** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Sainaithin **dhá** chúis a bhí le bunú Club Snámha Mháistrí Chorcaí.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **Dhá** chúis ar bunaíodh Cumann Snámha Mháistrí Chorcaí | **2 x 2 Mharc** |
| m.sh. fóillíocht, sláinte agus folláine, líon na ndaoine a mhéadú | |

**(ii)** Mínigh **ceann amháin** de na cúiseanna atá luaite agat i **gCeist 13 (a) (i)**.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míníodh cúis shoiléir agus chruinn | **3-4 Mharc** |
| Míníodh cúis measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(b)** **(i)** Agus tú ag tagairt don chás-staidéar, sainaithin **trí** thréith a léirigh Susan agus Martin chun rannpháirtíocht daoine eile sa ghníomhaíocht choirp a chur chun tosaigh.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **Trí** thréith a thaispeáin Susan agus Martin chun rannpháirtíocht daoine eile i ngníomhaíocht choirp a chur chun cinn | **3 x 2 Mharc** |
| díograiseach, eagraithe agus an-tiomanta | |

**(ii)** Déan cur síos ar cheann **amháin** de na tréithe a shainaithin tú i gceart i **gCeist 13 (b) (i)**.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos soiléir agus cruinn ar thréith | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn ar thréith | **1-2 Mharc** |

**(c) (i)** Mínigh an fáth a mbeadh seasmhacht tábhachtach sa snámh fadraoin faoin aer.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Míniú measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(ii)** Sainaithin **dhá** straitéis a d'fhéadfadh snámhaí maratóin a úsáid chun tacú le téarnamh i ndiaidh traenála don snámh fadraoin.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithníodh dhá straitéis | **2 x 2 Mharc** |

**(iii)** Déan cur síos ar **cheann amháin** de na straitéisí a shainaithin tú i **gCeist 13 (c) (ii)**.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos soiléir agus cruinn ar straitéis | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn ar straitéis | **1-2 Mharc** |

**(d)** **(i)** Luaigh **dhá** bhealach a bhféadfadh ról a bheith ag na meáin maidir le steiréitíopaí inscne d'fhir agus de mhná sa spórt a choinneáil mar atá.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithníodh **dhá** bhealach a bhféadfadh tionchar a bheith ag na meáin ar steiréitíopaí inscne fear agus ban sa spórt a chothú. | **2 x 2 Mharc** |
| Freagra féideartha iarrthóra:<br>Scéal gáifeach a dhéanamh de dhifríochtaí, díriú ar an gcineál coirp seachas ar fheidhmíocht an lúthchleasaí, íomhánna a chur in eagar, clúdach a theorannú | |

**(ii)** Déan plé ar **cheann amháin** de na bealaí a ndéanann na meáin na steiréitíopaí inscne a luaigh tú i **gCeist 13 (d) (i)** a choinneáil mar atá.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Plé soiléir agus cruinn | **4-6 Mharc** |
| Plé measartha soiléir agus cruinn | **1-3 Mharc** |

**(e)** **(i)** Cén straitéis a úsáideann Tom Daley chun cuidiú leis a bheith ullamh ina intinn le dul i mbun iomaíochta?

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cniotáil/ aird roghnaitheach | **2 mharc** |

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** straitéis éagsúla chun ullmhacht intinne a fheabhsú roimh chleachtadh nó roimh fheidhmíocht i do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Dhá straitéis éagsúla chun ullmhacht intinne a fheabhsú roimh chleachtadh | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

| **Roinn C** | **120 marc** |
|---|---|

Tá 5 cheist ann nach mór d'iarrthóirí 3 cinn acu a fhreagairt.

**Ceist 14** **(40 marc)**

**(a)** **(i)** Sainmhínigh urraíocht.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainmhíniú cruinn ar urraíocht | **4 mharc** |
| Sainmhíniú measartha cruinn ar urraíocht | **2 mharc** |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le hurraíocht do ghníomhaithe.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le hurraíocht a dhéanamh ar thaibheoirí. | **4 x 2 Mharc** |

**(b)** **(i)** Déan plé ar an mbaint atá ag gnólacht ainmnithe le spórt.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Plé soiléir agus cruinn | **4-6 Mharc** |
| Plé measartha soiléir agus cruinn | **1-3 Mharc** |

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ag urraíocht ar Cheanneagraíocht Náisiúnta Rialaithe (CNR).

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar **dhá** thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag urraíocht ar Chomhlacht Náisiúnta Rialaithe ainmnithe (CNR) | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(c) (i)** Rinne an deoch spóirt Gatorade urraíocht ar an imreoir sacair Lionel Messi.

Luaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le deochanna spóirt.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithníodh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le deochanna spóirt. | **4 x 2 Mharc** |
| Freagra féideartha iarrthóra:<br>Buntáistí: hiodráitiú, caiféin i roinnt deochanna ar féidir leo feabhas a chur ar airdeall<br>Míbhuntáistí: d'fhéadfadh go leor carbaihiodráití a bheith iontu agus dá bhrí sin d'fhéadfadh go leor calraí a bheith iontu, is féidir le caiféin a bheith andúile | |

**(ii)** Sainaithin dath na líne/an litir a sheasann don chóras aeróbach.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Glas/ Líne C | **2 mharc** |

**(iii)** Maidir le gníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha, mínigh an fáth a mbaineann an ghníomhaíocht sin úsáid as an gcóras aeróbach.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú soiléir agus cruinn | **4 Mharc** |
| Míniú measartha soiléir agus cruinn | **2 Mharc** |
| m.sh. Rith fadraoin | |

**Ceist 15** **(40 marc)**

**(a)** **(i)** Liostaigh **dhá** iarmhairt dhearfacha agus **dhá** iarmhairt dhiúltacha a bhíonn ag na meáin ar an lucht féachana.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **Dhá** thionchar dhearfacha agus **dhá** thionchar dhiúltacha a bhíonn ag na meáin ar an lucht féachana. | **4 x 2 Mharc** |

**(ii)** Déan cur síos ar iarmhairt dhearfach **amháin** agus ar iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhíonn ag na meáin ar an lucht féachana mar atá liostaithe agat i **gCeist 15 (a) (i)**.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithníodh tionchar dearfach **amháin** agus tionchar diúltach **amháin** a bhíonn ag na meáin ar an lucht féachana i gceart | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **2 Mharc** |

**(b)** Le linn an chluiche camógaíochta screadann an cóitseálaí "Lily, gabh isteach sa spás". Féachann Lily suas sa spás sa spéir. Croitheann an cóitseálaí a chloigeann le teann frustrachais.

Déan cur síos ar **dhá** scil idirphearsanta atá inmhianaithe ag cóitseálaí nó ag cóiréagrafaí.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar **dhá** scil idirphearsanta inmhianaithe a bhaineann le cóitseálaí/cóiréagrafaí. | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(c)** **(i)** Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le teicneolaíocht nuafhorbartha d'oifigigh i do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le teicneolaíocht nuafhorbartha d'oifigigh | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(ii)** Mínigh mar is féidir leis an teicneolaíocht dul chun tairbhe do ghníomhaithe.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú sármhaith ar an gcaoi ar féidir le teicneolaíocht dul chun leas taibheoirí | **8 Marc** |
| Míniú an-mhaith ar an gcaoi ar féidir le teicneolaíocht dul chun leas taibheoirí | **6 mharc** |
| Míniú maith ar an gcaoi ar féidir le teicneolaíocht dul chun leas taibheoirí | **4 mharc** |
| Míniú measartha ar an gcaoi ar féidir le teicneolaíocht dul chun leas taibheoirí | **2 Mharc** |

**Ceist 16** **(40 marc)**

**(a)** **(i)** Sainmhínigh cleachtas sábháilte i ngníomhaíocht choirp.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Sainíodh cleachtadh sábháilte | **2 Mharc** |

**(ii)** Tabhair **dhá** shampla den chleachtas sábháilte i ngníomhaíocht choirp.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **Dhá** shampla de chleachtadh sábháilte i ngníomhaíocht choirp. | **2 x 2 Mharc** |

**(iii)** Déan cur síos ar **dhá** thairbhe eacnamaíochta a bhaineann le gníomhaíocht choirp.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Cur síos ar **dhá** thairbhe eacnamaíochta a bhaineann le gníomhaíocht choirp | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(b)** **(i)** Maidir le do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe, luaigh **dhá** ghortú choitianta agus mínigh an dóigh a bhféadfaí cóir leighis a chur orthu.

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Sainaithníodh **dhá** ghortú choitianta | **2 x 2 Mharc** |

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Mínigh cén chaoi a bhféadfaí cóireáil a chur orthu. | **2 x 3 Mharc** |
| Míniú an-mhaith | **3 mharc** |
| Míniú maith | **2 mharc** |
| Míniú réasúnta | **1 mharc** |

**(ii)** Sainaithin **dhá** chomhartha ar róthraenáil.

| Cur síos | 4 Mharc |
|---|---|
| **Dhá** shiomptóm a bhaineann le róthraenáil. | **2 x 2 Mharc** |

**(iii)** Déan cur síos ar chomhartha **amháin** ar róthraenáil a shanaithin tú i **gCeist 16 (b) (ii)**.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(c)** I ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin, déan cur síos ar **dhá** thairbhe atá le baint as traenáil solúbthachta.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le traenáil solúbthachta | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**Ceist 17** **(40 marc)**


**(a)** **(i)** Déan cur síos ar **dhá** phrionsabal a bhaineann le cleachtas eiticiúil.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar **dhá** phrionsabal a bhaineann le cleachtadh eiticiúil | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |
| Glac leis an méid seo a leanas<br>ionracas, meas, cothroime agus cothromas | |

**(ii)** Déan plé ar an difríocht atá idir cothrom na Féinne sa spórt agus cleasaíocht.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Plé sármhaith ar spórtúlacht agus ar chleasaíocht. | **8 Marc** |
| Plé an-mhaith ar spórtúlacht agus ar chleasaíocht. | **6 mharc** |
| Plé maith ar spórtúlacht agus ar chleasaíocht. | **4 mharc** |
| Plé measartha ar spórtúlacht agus ar chleasaíocht. | **2 Mharc** |

**(b)** **(i)** Lipéadaigh an t-ualach, an iarracht agus an buthal ar an léaráid thíos.**(8 marc)**




**(ii)** Sainaithin an aicme luamháin a thaispeántar sa léaráid thuas**.**

| |
|---|
| Aicme luamháin: luamhán dara aicme (2 mharc) |

**(c)** **(i)** Mínigh anailís feidhmíochta.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú soiléir agus cruinn | **4 Mharc** |
| Míniú measartha soiléir agus cruinn | **2 Mharc** |

**(ii)** Maidir le do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe, déan cur síos ar **dhá** thairbhe atá le baint ag gníomhaí as anailís feidhmíochta.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le hanailís feidhmíochta don taibheoir. | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfá comparáid a dhéanamh idir do chuid feidhmíochta féin agus feidhmíocht gníomhaí eiseamláirigh i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **Dhá** bhealach ar féidir leat d'fheidhmíocht a chur i gcomparáid le feidhmíocht taibheora samhla | **2 x 2 Mharc** |
| Breac-chuntas soiléir agus cruinn | **2 Mharc** |
| Breac-chuntas measartha soiléir agus cruinn | **1 mharc** |

**Ceist 18** **(40 marc)**

**(a)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** cinn de rialacha agus rialúcháin i do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Breac-chuntas ar **thrí** riail agus rialachán | **3 x 2 Mharc** |

**(ii)** Déan cur síos ar chóras cuí scórála nó taifeadta mar a bhaineann le do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(b)** **(i)** Déan cur síos ar na héilimh a bhaineann le réiteoireacht faoi **dhá** cheann de na ceannteidil seo a leanas:

Corpacmhainn phearsanta | Ullmhacht shíceolaíoch | Éadaí pearsanta

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar **dhá** cheann de na héilimh a bhaineann le réiteoireacht a dhéanamh | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(ii)** Sainaithin **dhá** straitéis a úsáideann oifigigh agus iad ag bainistiú coimhlinte.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **Dhá** straitéis a úsáidtear chun coinbhleacht idir an t-oifigeach agus na rannpháirtithe a bhainistiú | **2 x 2 Mharc** |

**(iii)** Déan cur síos ar **cheann amháin** de na straitéisí a shainaithin tú i **gCeist 18 (b) (ii)**.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos soiléir agus cruinn | **3-4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **1-2 Mharc** |

**(c)** **(i)** I do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe, déan cur síos ar riachtanas cothaithe **amháin** a bhíonn ann roimh an ngníomhaíocht agus riachtanas cothaithe **amháin** a bhíonn ann i ndiaidh na gníomhaíochta.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Na riachtanais chothaitheacha **roimh** agus **tar éis** na gníomhaíochta a ndearnadh cur síos uirthi | **2 x 4 Mharc** |
| Cur síos soiléir agus cruinn | **4 Mharc** |
| Cur síos measartha soiléir agus cruinn | **2 Mharc** |

**(ii)** Ainmnigh forbhia cothaithe **amháin** agus tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an bhforbhia sin a úsáid.

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| | **6 mharc** |
| Ainmníodh an forlíon cothaithe | **2 Mharc** |
| Breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann leis an bhforlíon cothaithe ainmnithe | **2 x 2 mharc** |
| Breac-chuntas soiléir agus cruinn | **2 Mharc** |
| Breac-chuntas measartha soiléir agus cruinn | **1 Mharc** |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

## *Tábla 250 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 250 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 187 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mhairc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 188 - 190 | 18 |
| 191 - 193 | 17 |
| 194 - 196 | 16 |
| 197 - 200 | 15 |
| 201 - 203 | 14 |
| 204 - 206 | 13 |
| 207 - 210 | 12 |
| 211 - 213 | 11 |
| 214 - 216 | 10 |
| 217 - 220 | 9 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 221 - 223 | 8 |
| 224 - 226 | 7 |
| 227 - 230 | 6 |
| 231 - 233 | 5 |
| 234 - 236 | 4 |
| 237 - 240 | 3 |
| 241 - 243 | 2 |
| 244 - 246 | 1 |
| 247 - 250 | 0 |
| | |

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbronntar marcanna bónais i gcás na gcomhpháirteanna oibre cúrsa.

**Tionscadal Gníomhaíochta Coirp na hArdteistiméireachta Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**

**100 Marc**

Tá 20% de na marcanna don Chorpoideachas i Scrúdú na hArdteistiméireachta ag dul don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp agus déantar é a mheasúnú ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Tá an leagan amach céanna agus na riachtanais chéanna ag an tionscadail ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal araon, agus mar sin ní gá leibhéal a bheith roghnaithe ag iarrthóirí ag an am a chuirtear isteach é. Déanfar idirdhealú eatarthu nuair a bheidh measúnú a dhéanamh orthu.

Nóta do scrúdaitheoirí:
Sula gcuireann tú tús leis an marcáil léigh an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ar fad agus féach ar na trí fhíseán chun dul i dtaithí ar an ábhar a chuirtear i láthair lena mharcáil.
Bí cúramach gan pionós a ghearradh ar ghiorracht sciliúil, ná cúiteamh d'fhad gan údar.
Ní mór ciall a bhaint as na tuairiscíní seo i gcomhthéacs na ndúshlán agus na n-éileamh a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaigh an t-iarrthóir.

Nuair a chuirtear an tionscadal i gcrích i ngníomhaíocht choirp nach gcomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach in S64/23, ciallaíonn sé seo nach ndéantar na naisc riachtanacha le gníomhaíocht choirp cheadaithe, agus dá réir sin ní féidir leis an marc a bhronntar a bheith níos airde ná an marc is airde sa bhanda marc don tuairiscín "Réasúnta".

Maidir le tionscadail ag an nGnáthleibhéal, féach ar an tábla tiontuithe.

## Scéim Mharcála - Corpoideachas Ardleibhéal - Tionscadal Gníomhaíochta Coirp [100 marc]

| Roinn A<br>25 marc | Sármhaith | An-Mhaith | Maith | Réasúnta | Dona |
|---|---|---|---|---|---|
| Thart ar 700 focal | Anailís den scoth, nascann gach gné le prionsabail iontaofa na teoirice, tá baint ag gach gné leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís an-mhaith, tá naisc le prionsabail iontaofa na teoirice le feiceáil inti , agus tá baint aici leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís mhaith, tá naisc leis an teoiric le feiceáil inti, agus tá baint aici leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís réasúnta, níl mórán naisc leis an teoiric le feiceáil, teoiric ghinearálta den chuid is mó atá inti gan mórán bainte ná nasc leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Is beag fianaise nó níl fianaise ar bith ann maidir le bunús teoiriciúil, ní bhíonn sé oiriúnach i gcónaí don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| | | | | | |
| **Anailís na Feidhmíochta**<br><br>An pictiúr a chuirtear i láthair ar fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís mhionsonraithe agus léirmhíniú ar raon leathan sonraí thar raon leathan gnéithe a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe.<br>Sainaithnítear nasc idir na torthaí agus an fheidhmíocht.<br>Baintear brí shoiléir, chruinn as an eolas agus tá naisc shoiléire leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe.<br>Úsáidtear réimse leathan uirlisí anailíse (tástálacha / modhanna) go cruinn beacht agus cuirtear i bhfeidhm ar bhealach den scoth iad. | Anailís agus léirmhíniú ar raon sonraí ó réimsí feidhmíochta éagsúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear go mion.<br>Sainaithin naisc idir na torthaí agus an fheidhmíocht.<br>Baintear brí chruinn as an eolas agus tá naisc leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe.<br>Tá uirlisí anailíse (tástálacha/modhanna) ábhartha agus úsáidtear go cruinn iad.<br>Cur i láthair sonraí an-mhaith | Déantar anailís agus léirmhíniú ar shonraí cuí ó phríomhréimsí feidhmíochta a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe.<br>Roinnt nasc déanta idir na torthaí agus an fheidhmíocht.<br>Baintear brí as an eolas agus tá naisc shoiléire leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe.<br>Úsáid cheart na n-uirlisí anailíse (tástálacha/modhanna).<br>Cur i láthair sonraí maith. | Déantar roinnt anailíse ar réimsí cuí feidhmíochta agus baintear beagán brí as sonraí<br>Baintear brí as an eolas agus tá beagán fianaise ann maidir leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe.<br>Úsáidtear na huirlisí anailíse (tástálacha/modhanna) ar bhealach cruinn in amanna.<br>Cur i láthair sonraí réasúnta. | Déantar anailís ach ní dhéantar mórán anailíse ar ghnéithe cuí feidhmíochta ná ní bhaintear mórán brí as sonraí.<br>Baintear brí as an eolas in amanna agus tá beagán fianaise ann maidir leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe.<br>Is beag an úsáid a bhaintear as uirlisí anailíse (tástálacha/modhanna).<br>Cur i láthair sonraí dona. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Cur i láthair sonraí sármhaith. | | | | |
| **25 marc** | **21-25 marc** | **16-20 marc** | **11- 15 mharc** | **6-10 marc** | **1- 5 mharc** |

| | |
|---|---|
| **IOMLÁN Roinn A** | **25 Marc** |

| Roinn B<br>40 marc | Sármhaith | An-Mhaith | Maith | Réasúnta/dona |
|---|---|---|---|---|
